An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**EUCO 29/19**

**CO EUR 31**
**CONCL 9**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (12 Nollaig 2019)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN tATHRÚ AERÁIDE

1. I bhfianaise na heolaíochta is déanaí atá ar fáil agus ó tharla nach mór géarú ar an ngníomhú domhanda ar son na haeráide, formhuiníonn an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Ag an gcéim seo, ní féidir le Ballstát amháin, a mhéid a bhaineann sé leis, gealltanas a thabhairt an cuspóir seo a chur chun feidhme, agus fillfidh an Chomhairle Eorpach air seo i mí an Mheithimh 2020.

2. Beidh deiseanna suntasacha ag gabháil leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, amhail acmhainneacht le haghaidh fás eacnamaíoch, samhlacha nua gnó agus margaí nua, le haghaidh poist nua agus forbairt theicneolaíoch. Beidh ról lárnach ag beartais réamhbhreathnaitheacha taighde, forbartha agus nuálaíochta.

3. Is mór na dúshláin a bheidh le sárú againn, áfach, má táthar leis an aeráidneodracht a bhaint amach. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus iarrann sí ar an gComhairle an obair a thabhairt chun cinn i gcomhréir le mír 1. Aithníonn sí gur gá creat cumasúcháin a chur ar bun a rachaidh chun tairbhe na mBallstát uile agus lena gcuimseofar ionstraimí, dreasachtaí, tacaíocht agus infheistíochtaí leordhóthanacha, chun go n-áiritheofar go mbeidh ann aistriú costéifeachtach, ceart, cóir, agus cothrom ar bhonn sóisialta, agus na dálaí náisiúnta éagsúla i dtéarmaí túsphointí á gcur san áireamh.

4. Beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha poiblí agus príobháideacha don aistriú. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an fógra ón mBanc Eorpach Infheistíochta go bhfuil sé ar intinn aige tacú le hinfheistíocht EUR 1 trilliún sa ghníomhú ar son na haeráide agus san inbhuanaitheacht comhshaoil sa tréimhse idir 2021 agus 2030, agus tacaíonn sí leis an bhfógra sin. Cuireann sí i dtreis go gcuirfidh an chéad CAI eile ar bhealach suntasach leis an ngníomhú ar son na haeráide. Tá ról tábhachtach ag InvestEU ó thaobh infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil don aistriú. Cuirfear tacaíocht shaincheaptha ar fáil do na réigiúin agus na hearnálacha is mó a ndéanfaidh an t-aistriú difear dóibh, tríd an sásra um aistriú cóir atá ar na bacáin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an fógra ón gCoimisiún Eorpach gurb é is aidhm do na tograí atá le teacht go luath uaidh infheistíocht EUR 100 billiún a éascú tríd an sásra um aistriú cóir. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí don aistriú a chistiú tar éis 2030.

5. Ní mór reachtaíocht agus beartais ábhartha uile an Aontais a bheith comhchuí le cuspóir na haeráidneodrachta a chomhlíonadh agus ní mór dóibh rannchuidiú le comhlíonadh an chuspóra sin agus cothrom na Féinne do chách á urramú ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún féachaint an gá na rialacha atá ann cheana a choigeartú chuige sin, lena n-áirítear na rialacha maidir le státchabhair agus soláthar poiblí. Iarrann sí ar an gCoimisiún freisin tuairisc a thabhairt go rialta maidir le tionchar comhshaoil agus socheacnamaíoch an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta.

6. Aithníonn an Chomhairle Eorpach gur gá an tslándáil fuinnimh a áirithiú agus gur gá urraim a thabhairt do cheart na mBallstát a meascán fuinnimh féin a chinneadh agus na teicneolaíochtaí is iomchuí a roghnú. Chuir roinnt Ballstát in iúl go n-úsáideann siad fuinneamh núicléach mar chuid dá meascán náisiúnta fuinnimh.

7. Caithfear cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach ar bhealach a chaomhnóidh iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear trí bhearta éifeachtacha a fhorbairt chun dul i ngleic le sceitheadh carbóin ar bhealach a bheidh ag luí le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ós amhlaidh atá, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a bheartú i ndáil le hearnálacha ar mór a lorg carbóin. Is gá do na saoráidí i dtríú tíortha cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde i ndáil leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht.

8. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra le haghaidh straitéis fhadtéarmach an Aontais a ullmhú a luaithe is féidir in 2020 d'fhonn go nglacfaidh an Chomhairle é agus go gcuirfear faoi bhráid UNFCCC é.

9. Gabhann an Chomhairle Eorpach buíochas ó chroí leis an Spáinn as ucht COP 25 a eagrú go rathúil. Iarrann sí ar an gCoimisiún a thogra le haghaidh nuashonrú ar rannchuidiú an Aontais arna chinneadh go náisiúnta (NDC) do 2030 a chur ar aghaidh in am trátha roimh COP26, tar éis measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh.

10. Beidh rannpháirtíocht idirnáisiúnta ríthábhachtach má tá rath le bheith ar na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí aird ar leith a thabhairt ar an taidhleoireacht aeráide.

11. Coimeádfaidh an Chomhairle Eorpach faoi bhreithniú an dul chun cinn i dtreo chuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 agus tabharfaidh sí treoir straitéiseach, de réir mar is iomchuí.

## II. AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

12. Tar éis d'Uachtaránacht na Fionlainne an bosca caibidlíochta agus figiúirí ann a chur i láthair, phléigh an Chomhairle Eorpach príomhghnéithe an chreata airgeadais ilbhliantúil nua.

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar a hUachtarán an chaibidlíocht a thabhairt chun cinn d'fhonn teacht ar chomhaontú críochnaitheach.

## III. MÍREANNA EILE

14. Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an smaoineamh go dtionólfaí Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a thosódh in 2020 agus a chríochnódh in 2022. Iarrann sí ar Uachtaránacht na Cróite ar an gComhairle oibriú i dtreo seasamh ón gComhairle a shainiú maidir le hábhar, raon feidhme, comhdhéanamh agus feidhmiú comhdhála den sórt sin agus cromadh ar phlé, ar an mbonn sin, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún.

15. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh a comhaontaíodh i mí an Mheithimh, agus do bhaint amach torthaí nithiúla ar mhaithe lenár saoránaigh. Ba cheart don Chomhdháil rannchuidiú lenár mbeartais a fhorbairt sa mheántéarma agus san fhadtéarma ionas gur fearr a fhéadfaimid dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

16. Ba cheart don Chomhdháil tógáil ar an rath a bhí ar na comhphléití leis na saoránaigh a tionóladh le dhá bhliain anuas agus foráil do chomhairliúchán forleathan leis na saoránaigh le linn an phróisis. Ní mór don Chomhairle, do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún a bheith rannpháirteach ann, agus lánurraim á tabhairt don chothromaíocht idirinstitiúideach agus do na róil atá acu faoi seach mar a shainítear sna Conarthaí iad. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur gá próiseas cuimsitheach a bheith ann, agus rannpháirt chomhionann ag na Ballstáit uile ann. Ba cheart an úinéireacht a bheith comhroinnte idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit, lena n-áirítear a bparlaimintí.

17. I bhfianaise a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Afraic, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an bonn is gá a chur ar fáil di le haghaidh plé straitéiseach ag Comhairle Eorpach mhí an Mheithimh maidir leis an gcaidreamh leis an Afraic agus maidir leis an gcéad chruinniú mullaigh eile idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach.

18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán leis an ord idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus tugann sí dá haire agus is cúis imní di an phairilis atá ar shásra na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le díospóidí a réiteach. Tacaíonn sí leis na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún socruithe eatramhacha a chur ar bun leis na tríú tíortha agus réiteach buan a shaothrú go gníomhach aige ag an am céanna. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh, mar ábhar tosaíochta, ar an togra ón gCoimisiún maidir le reachtaíocht reatha an Aontais i ndáil le feidhmiú éifeachtach chearta an Aontais faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta trádála a oiriúnú do na dálaí nua seo, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

19. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí a ghlac sí an 22 Márta agus an 20 Meitheamh maidir leis an Tuirc. Athdhearbhaíonn sí na conclúidí uaithi an 17-18 Deireadh Fómhair maidir le gníomhaíochtaí druileála neamhdhleathacha i limistéar eacnamaíoch eisiach na Cipire. An Meabhrán Tuisceana idir an Tuirc agus an Libia maidir le teorannú a dhéanamh ar dhlínsí muirí sa Mheánmhuir, is sárú é ar chearta ceannasacha tríú Stáit, ní chomhlíonann sé Dlí na Farraige agus ní féadfaidh aon iarmhairtí dlíthiúla eascairt as i dtaca le tríú Stáit. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach gan iomrall a dlúthpháirtíocht leis an nGréig agus leis an gCipir i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin ag an Tuirc.

20. Seasann an tAontas Eorpach gualainn ar ghualainn leis an Albáin tar éis an chreatha talún a tharla sa tír sin le déanaí. Is díol sásamh don Chomhairle Eorpach an fógra ón gCoimisiún cabhair dhaonnúil a chur ar fáil agus comhdháil deontóirí a eagrú.